Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0323

An Cúlchiste Coigeartaithe Brexit

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit (COM(2025)0513 – C10-0216/2025 – 2025/0289(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0513),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0216/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2025[1],

– tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 19 Samhain 2025 go ndéanfaí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A10-0233/2025),

---

1 Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2025)0289

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Nollaig 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2026/211.)